Nuacht Neasáin

Bealtaine
2011

Dátaí don Dialann
Dates for your diary

An Chéad Chomaoineach

07 Bealtaine

Oíche Spóirt / Sports Night

20 Meitheamh Scoil Uí Chonaill

Lá Ealaíne / Art Day

16 Meitheamh

Bronnadh na dTeastas Rang 6

26 Meitheamh

Cruinniú Cinn Bhliana Ghaeloidis

Gaeloideas AGM

26 Bealtaine

Cruinniú Eolais do Thuismitheoirí

na Naíonán nua

26 Bealtaine

Aonach Leabhar

Bailíodh €3100 i mbliana rud a d'fhág luach €1802 don scoile le caitheamh ar leabhair don leabharlann.

Children spent €3100 at the book fair this year which left a total spend of €1802 for the school to replenish its libraries.

Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Fáilte roimh gach duine ar ais don téarma deireanach don scoilbhliain seo. Tá cúpla seachtain an-ghnóthach romhainn agus neart ócáidí agus oibre os ár gcomhair amach

Welcome back to everybody for the final short term of this school year. We have a few very busy weeks ahead with plenty of events, occasions and work to cover.

MSU

Tá fógra faighte ag an Scoil ón Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh Meastóireacht Scoile Uile ar siúl ag cigirí na Roinne ón 23 – 27 Bealtaine. Beidh ionchur ag páistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus Bord Bainistíochta sa mheastóireacht seo. Fáiltímid roimh an deis breathnú ar na cleachtais atá ar bun sa scoil agus moltaí a fháil ar na bealaí gur féidir linn feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar mhúinteoireacht agus ar thaithí scoile phobal iomlán na scoile.

WSE

The school has received notification from the Dept. of Educationa nd Skills of a Whole School Evaluation to be carried out by Department inspectors from the 23-27 May. Children, parents, teachers and the Board of management will have an imput into the process. We welcome the opportunity to review our current practices and to explore how teaching, learning and the school experience can be improved for the entire school community.

Cóineartú

Tréaslaímid le Rang 6 a chuaigh faoi láimh Easpaig ar an 14 Aibreán in éineacht le Gaelscoil Míde agus lena múinteoir, Shane as an ullmhúchán ar fad a rinneadh don ócáid mhór. Bhí gach duine ag breathnú go hálainn ar an lá agus tá súil againn go raibh lá den scoth ag gach duine.

Confirmation

Congratulations to R6 who made their Confirmation on the 14th April with the children from Gaelscoil Míde. Many thanks to Múinteoir Shane for his work in preparing the class. Everybody looked very well on the day and we sincerely hope that all families had an enjoyable day.

Gáirdín na Scoile

Tá gáirdín na scoile ag breathnú go hálainn faoi láthair agus tá mór bhuíochas ag dul do Eileen agus do Bhrian as an obair mhór atá ar bun acu. Tá sé i gceist acu díolachán plandaí a rith sa scoil ar an 2 agus 3 Meitheamh. Beidh tuilleadh eolais faoi seo amach anseo agus bheidís an-bhíoch d'aon phlandaí go bhféadfaí a chur ar fáil don díolachán seo. Tá fáilte roimh dhaoine teagmháil a dhéanamh leo má tá spéis acu plandaí atá faoi bhláth i láthair na huaire a cheannach roimh na díolacháin féin.

Bíonn lámh cúnta i gcónaí ag teastáil sa ghairdín. Is linn ar fad é.

School Garden

The school garden is looking very well at present and thanks and credit are due to Eileen and Brian for their hard work. They intend holding a plant sale on the 2nd/3rd of June. More information to follow. They would appreciate very much any donations of plants for this sale. In the meantime if anybody is interested in buying any of the plants currently in bloom they may contact Eileen or Brian

Help is always needed in the garden. It is everybody's garden so if you have some time to spare please lend a hand or contact Eileen or Brian.

Nuacht ó na Ranganna

Cór na nÓg

Ghlac páistí Rang 5 agus 6 páirt i gCór na nÓg i dTamhlacht Tá go leor cleachtadh agus foghlaim focail agus amhráin déanta acu agus an-bhuíochas do Mhuinteoir Jennifer a réitigh na gasúir don mhórócáid. Beidh cúpla duine ó na ranganna sin ag canadh sa cheoláras náisiúnta ag deireadh na míosa seo.

Rang 5 and R 6 recently took part in the Cór na nÓg concert in Tallaghtl. There were plenty of words and songs to learn and plenty of practice. Many thanks to Múinteoir Jennifer who has undertaken this project. A few children from 5th and 6th class will be singing in the National Concert Hall at the end of this month as part of the National Cór na nÓg concerts.

Iománaíocht

Comhghairdeas leis an dá fhoireann iomána sinsir agus sóisir a ghlac páirt i gcomórtais de chuid Chumann na mBunscol i mbliana. Bhí an dá fhoireann ag imirt i rannóga níos airde i mbliana de bharr an dá bhua mór a bhí acu anuraidh. Chruthaigh an da fhoireann go han-mhaith agus bhí díomá ar fhoireann na sinsear an leath-chraobh a chailliúint roimh an gCáisc. Tá an-bhuíochas ag dul do Fhiachra Mac Domhnaill a bhíonn i mbun traenála le Shane agus Seán ag gach tacaíocht don dá fhoireann.

Both the senior and junior hurling teams have been very successful this year and both competed in the Cumann na mBunscol competitions to defend their titles from last year. Again both teams had a very good season even in the higher more challenging divisions and the senior team were very disappointed to lose the semi-final before Easter. We are very grateful in the school for the help given by Fiachra Mac Domhnaill in training the teams with Múinteoir Shane and Múinteoir Seán.

Rang 2

Ádh mór ar Rang 2 a bheas ag glacadh leis an gCéad Chomaoineach ar an Sathairn seo chugainn

Rang 5 in Inis Oírr

Beidh Rang 5 ag fágáil ar a turas bliantúil go hInis Oírr ar an gCéadaoin seo chugainn, 11 Bealtaine. Caithfidh siad coicís ann i mbliana ag fanacht le muintir an oileáin agus ag freastal ar an scoil ansin áit a mbeidh múinteoirí Scoil Neasáin á múineadh.

Tá an scoil fíor bhuíoch do na múinteoirí a théann in éineacht leis an rang gach bliain agus a thugann suas an t-am don turas seo. Beidh Múinteoirí Jennifer, Tara, Orflaith, Máire agus Bríd Nic Giolla Mheana ag caitheamh tréimhse in éineacht leis an rang.

Guímid turas slán sábháilte orthu, aimsir iontach agus foghlaim agus forbairt gá. Is féidir gníomhaíochtaí an ranga a leanúint ar an mblag ranga www.rang5scn.blogspot.com

Rang 5 will leave on their annual trip to Inis Oírr next Wednesday 11th May. They will spend two weeks there living among the people and will attend school there with their own teachers.

We are all very grateful to the teachers who give of their time to accompany R5 each year. This year Múinteoirí Jennifer, Tara, Orflaith, Máire and Bríd Nic Giolla Mheana will spend time with the class there.

We wish them a happy safe trip, wonderful weather and learning and development each day. You can follow their activities on www.rang5scn.blogspot.com

Coiste Glas / *Green Schools Committee*

Bhí Kathryn Poxton ó An Taisce agus ionadaí ó Chomhairle na Cathrach sa scoil ar an 14 Márta chun an scoil a mheas don cheathrú brat glas.

Bhuail siad le baill an choiste glas agus rinne siad inniúchadh ar an obair ar fad atá déanta le cúpla bliain anuas ag an scoil ar an téama taistil. Bhreathnaigh siad ar an bplean gnímh agus chuir siad agallamh ar an gcoiste glas.

Bhí siad an-tógtha le hobair na bpáistí faoi stiúr Mhúinteoir Bríd agus táimid ag súil le scéal afháil go luath ar éirigh lenár n-iarrachtaí.

Kathryn Poxton from An Taisce and a representative from Dublin City Council visited the school on the 14th March to assess the school's application for its 4th Green Flag.

They met with members of the Green School's Committee and examined all the work that has been done in the school over the past number of years on the theme of travel. They examined the action plans and interviewed the committee members.

They were very impressed with the work and knowledge of the children under the watchful eye of Múinteoir Bríd. We are awaiting news in the next few weeks if our application has been successful.

Comenius www.whatsyourmove.wordpress.com

Chuaigh Helen, Hannah, Fiachra, David (R5) , Paul, Lucy, Laura, Oisín (R6) agus ceathrar múinteoir go dtí an Iorrua ag tús mhí Márta mar chuid den tionscnamh Comenius 'What's your Move?' Bhí turas iontach acu agus chaith siad dhá lá ar scoil thall, ag foghlaim agus ag múineadh rincí, ag scíáil agus ag foghlaim amuigh faoin aer agus ag caitheamh ama le gasúir ó Shasana agus ón Iorrua. Bhain gach duine an-sult as an turas agus bhíomar an-bhródúil astu. Tá cur i láthair á ullmhú acu faoi láthair ar an turas. Beidh turas go Sasana á eagrú an bhliain seo chugainn agus beidh muintir na hIorrua agus Sasana ag tabhairt cuairt ar Éirinn ag tús Deireadh Fómhair

Helen, Hannah, Fiachra, David (R5) , Paul, Lucy, Laura, Oisín (R6) and four teachers travelled to Norway at the beginning of March as part of the Comenius project 'What's your Move'? It was a wonderful trip and the children sepent two days in school there, learning and teaching dances, skiing and learning outside and interacting with children from Norway and England. Everybody had a great time and the children are preparing a presentation on their trip at the moment. They were a credit to themselves and we were all very proud of them over there. Next October will see the Norwegians and English visit us in Ireland.

Labhairt na Gaeilge

Meabhraítear do thuismtitheoirí an Ghaeilge atá acu a úsáid ar láthair na scoile i gcónaí. Tá sé an-tábhachtach go gcloiseann páistí tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge agus go bhfeiceann siad gur theanga bheo í.
Parents are reminded to speak Irish at all times in the school. It is very important that the children experience the language as a living language. Thank you for your co-operation.